# Mí Lúnasa 2025

**Tá súil againn go bhfuil sibh go léir ag baint taitnimh as an sos samhraidh agus ag baint leas as na laethanta gréine! Cé go bhfuil roinnt ama fágtha fós sula bhfillimid ar scoil, tuigimid go mbíonn sé cabhrach do theaghlaigh eolas a fháil ag an bpointe seo chun tús a chur leis na hullmhúcháin don bhliain nua.**
**Mar is eol don chuid is mó agaibh, tá seomraí ranga nua tagtha anois ar láthair na scoile, agus beidh siad réidh chun fáilte a chur roimh Rang 3/4 i mí Mheán Fómhair. Tá an-chuid oibre agus eagraíochta déanta chun an tionscadal seo a chur i gcrích, agus gabhaimid buíochas ó chroí le gach duine a bhí páirteach ann. Tá obair fós le déanamh, ach tá sceitimíní orainn agus muid ag tnúth go mór leis na páistí ag baint sult as an bhfoirgneamh nua agus a seomraí ranga álainn.**

*We hope you're all enjoying a well-deserved summer break and making the most of these sunny days. While there's still some time to go before we're back in the swing of school life, we know many families find it helpful to receive an update at this stage as back-to-school preparations begin.*
*As many of you know, new classrooms have been installed on the school grounds, and we're thrilled to share that they will be ready to welcome our Rang 3/4 class this September. A huge amount of work and planning has gone into this project, and we are very grateful to all those who helped make it happen. There's still more to do, but we're buzzing with anticipation. We can't wait for the children to step into their new learning space and enjoy everything the year ahead has to offer.*

## Cúrsaí Foirne

**Tá an áthas orainn a fhógairt go bhfuil triúr ball foirne lánaimseartha nua againn i mbliana. Cuirimid fáilte ar ais roimh Mhúinteoir Jessie, a chaith an-chuid ama linn ag ionadaíocht i rith na bliana agus anois agus í nua-cháilithe tar éis cinneadh a dhéanamh, glacadh le post i ról bliana sa scoil. A Jessie, táimid thar a bheith sásta go bhfuil tú ag fanacht linn go lán-aimsire agus ag tnúth leat a bheith mar chuid dár bhfoireann arís. Beidh bliain iontach ag páistí N2 le Jessie, agus sean-aithne acu ar a chéile agus in ann tógáil ar an gcaidreamh álainn a chruthaigh siad anuraidh.**

*We are delighted to announce that we have three new full-time staff members joining us, this year. We welcome back Múinteoir Jessie, who spent a lot of time with us last year and now that she is newly qualified has decided to accept a full-time role in the school. Jessie, we are delighted that you are staying with us and look forward to you being part of our team again. The children in N2 will have a great year with Jessie, they know each other well and will be able to build on the wonderful relationships they formed last year.*

**Cuirimid fáilte roimh Mhúinteoir Niamh chuig an scoil mar mhúinteoir ranga. Tá blianta fada taithí ag Niamh mar mhúinteoir i nGaelscoileanna. Tá taithí fhairsing aici freisin ag déileáil le riachtanais speisialta oideachais agus ag obair mar mhúinteoir tacaíochta foghlama. Mar scoil, bainfimid an-tairbhe as eolas agus taithí Niamh agus táimid go léir ag tnúth le bheith ag obair**

**léi agus ag tacú léi. Tá spéis ar leith ag Niamh sa drámaíocht agus ghlac sí páirt i go leor féilte agus comórtais drámaíochta ag leibhéal scoile le blianta anuas. Seo ábhar a bheas muid ag súil le obair a dhéanamh air mar scoil agus muid ag forbairt ár gcultúir agus ár ngrá do na healaíona. Táimid ag tnúth le bheith páirteach sna tionscadail seo amach anseo agus tá a fhios againn go mbeidh Niamh ina cabhair mhór dúinn agus muid ag forbairt seo agus muid ag fás mar phobal scoile. Beidh Múinteoir Niamh i R2 i mbliana agus tá súil againn go mbeidh bliain iontach acu ag obair le chéile. A Niamh, is iontach an rud é go bhfuil tú linn!**

We welcome Múinteoir Niamh to the school as a class teacher. Niamh has many years of experience as a teacher in a Gaelscoil setting. She also has a wealth of experience dealing with special educational needs and working as a learning support teacher. As a school we will benefit greatly from Niamh's knowledge and experience and we all look forward to working with and supporting her. Niamh has special interests in drama and has been involved in many drama festivals and competitions at school level over the years. This is something we have always strived to do as a school whilst developing our culture and love of the arts. We look forward to getting involved in these projects in the future and know Niamh will be a great asset to us in developing this as we grow as a school community. Múinteoir Niamh will be in R2 this year and we hope they will have a wonderful year working together. Niamh, it’s great to have you on board!

**Agus ar deireadh, tá ríméad orainn fáilte a chur roimh Mhúinteoir Cian. Cosúil le Múinteoir Sinéad B, is as an nGaeltacht i gConamara é Cian, agus tá lúcháir orainn é a bheith againn mar chuid d'fhoireann na scoile. Le cainteoir dúchais tagann blas nádúrtha, stór focal saibhir agus grá don Ghaeilge agus cuirfidh sé go mór leis an bhfoghlaim agus le forbairt teanga na bpáistí. Tá a fhios ag cách gur foireann bheag, bheomhar atá againn agus le déanaí, foireann lán mná a bhí ann! Ní bheadh muid riamh chomh dána sin is a rá go bhfuil fear *de dhíth* orainn… ach ar an taobh eile de, déarfadh duine gur maith an rud é an éagsúlacht a bheith le feiceáil ar fhoireann na scoile. Is cinnte go mbainfidh na páistí tairbhe as sin. Tagann Cian chugainn le blianta taithí oibre i nGaelscoil Bhriain Bóroimhe i Sórd agus, ar ndóigh, le croí agus dúchas Chonamara. Tá muid cinnte go mbeidh Rang 1 faoi gheasa aige go luath! Cian, tá fíorfháilte romhat go Gaelscoil na Mara.**

*Lastly, we are delighted to welcome Múinteoir Cian to the staff this year. Like Múinteoir Sinéad B, Cian hails from the Gaeltacht in Connemara, and we are thrilled to have another native Irish speaker joining us. His natural blas, rich vocabulary, and deep love of the language will bring so much to our school community and will no doubt support the development of Gaeilge here at Gaelscoil na Mara. As many of you know, we are a small and mighty staff, and recently, we’ve been an all-female team. Now, while we’d never suggest that we needed a man on staff, we truly value the balance and perspective that Cian brings to our team!! Diversity among school staff is so important, and we believe the children will really benefit from seeing that reflected in the adults around them.*

**Seo a leanas ainmneacha na ranganna don scoilbhliain atá le teacht agus an múinteoir/na múinteoirí a bheidh ag obair leo don bhliain.**

*The following are the names of the classes for the coming school year and the teacher/teachers who will have the pleasure of working with them for the year.*

**Naíonáin shóisearacha – Na Crosóg Mhara - Múinteoir Máille**

**Naíonáin shinsearacha – Na Smugailre Róin– Múinteoir Jessie**

**Tacaíocht Foghlama Sóisearach - Múinteoir Orflaith**

**Rang uathachais – Na Deilfeanna – Múinteoir Sinéad B**

**Rang a haon – Na Turtair – Múinteoir Cian**

**Rang a dó – Na Ochtapais – Múinteoir Niamh**

**Rang a trí – Na Pionguin – Múinteoir Nicole**

**Rang a ceathair - Na Portáin - Múinteoir Nicole**

**Tacaíocht Foghlama Sinsearach - Múinteoir Clár**

**Cúntóirí Riachtanais Bhreise - Helena, Andrea, Theresa agus Keira (post-roinnt)**

**Rúnaí (páirt-aimsire) - Abina**

**Fear Curaim (páirt-aimsire) - Aaron**

**Cúrsaí Scoile**

**Agus an séasúr "filleadh ar scoil" thart orainn ba mhaith linn a mheabhrú do gach ball de phobal na scoile gur féidir éidí scoile a cheannach ó Grants Uniforms ar líne https://grantsclothing.ie/ agus sa siopa.**
**Is féidir gach polasaí scoile a fheiceáil ar shuíomh idirlín na scoile www.gaelscoilnamara.ie**
**Meabhraímid do chách ár bpolasaí lóin sláintiúil, a deir nár cheart go mbeadh aon mhilseáin/brioscaí/criospaí srl ag na páistí ina mboscaí lóin ó lá go lá. .**
**Molaimid go n-ullmhaíonn gach teaghlach na páistí go cuí chun a gcuid málaí scoile/boscaí lóin/cótaí a láimhseáil, a oscailt/a dhúnadh don bhliain atá romhainn. Agus iarrfaimid ar chuile tuismitheoir cinntiú go bhfuil ainm do pháiste curtha go soiléir ar gheansaí scoile do pháiste.**

*As "back to school" season is upon us we would like to remind all members of the school community that school uniforms can be purchased from Grants Uniforms online https://grantsclothing.ie/ and in store. All school policies can be viewed on our school website www.gaelscoilnamara.ie We remind everyone of our healthy eating policy, which states the children should not have any sweets/biscuits/crisps et cetera in their lunchboxes on a day-to-day basis. We would suggest that every family prepares the children adequately for handling, opening/closing their own school bags/lunchboxes/coats for the coming year. And request that every school jumper is clearly tagged with your child's name.*

**Leis an scéim leabhar cíosa, ní gá do theaghlaigh aon leabhar scoile nó cóipleabhair a cheannach dá bpáistí. Ní chlúdaíonn an deontas a fhaighimid ón rialtas na costais go léir do scoil nua, áfach. Iarraimid go gcuirfeadh na páistí ó rang a haon ar aghaidh a gcuid stáiseanóireacht féin ar fáil. Ciallaíonn sé seo cás peann luaidhe, pinn luaidhe, biorthóir, siosúr, scriosán agus roinnt dathanna, ar mian leis na leanaí iad féin a bheith acu de ghnáth ar aon nós. Déanfaimid soláthar, ar ndóigh, d'aon duine nach bhfuil a leithéid de stáiseanóireacht dá gcuid féin acu. Ní gá do naíonáin shóisearacha ná do naíonáin shinsearacha aon stáiseanóireacht a thabhairt chun na scoile. Cuirfidh an scoil pinn luaidhe, criáin agus gach stáiseanóireacht eile ar fáil. Comh maith le sin iarrfaimid ar chuile pháiste ó R1 ar aghaidh mála níocháin a thabhairt leo ar scoil. Istigh anseo bíodh éadach beag chun lámha a thriomiú théis an leithreas a úsáid. Tá seo mar chuid den obair atá ar bun againn leis an gCoiste Glas scoile, chun úsáid agus costaisí páipéar láimhe a laghdú sa scoil.**

*With the application of the book rental scheme, families do not need to buy any school books or copybooks for their children. However, the grant we receive from the government does not cover all the costs for a new school. We ask that the children from First class onwards provide their own stationery. This means a pencil case, pencils, a sharpener, scissors, an eraser and some colours, which the children themselves usually want to have anyway. We will, of course, provide for anyone who does not have such stationery of their own. Junior and Senior infants do not need to bring any stationery to school. The school will provide pencils, crayons and all other stationery.*
*We also ask all children from R1 onwards to bring a small wash bag to school. Inside this is a small cloth to dry your hands after using the toilet. This is part of the work we are doing with the Green School Committee, to reduce the use and cost of hand towels in the school.*

**Mar a dúradh cheana, tá costais 'tús na bliana' ar scoileanna nuafhorbartha an-ard agus gan mórán tacaíochta ón Rialtas. Iarraimid go n-íocann gach paiste íocaíocht aonuaire chun cabhrú leis an iliomad costais a chlúdú. Seolfaidh Abina nasc tríd Aladdin don bhille scoile de €65 an páiste, a chlúdóidh soláthairtí ealaíon agus ceardaíochta, trealamh Aistir, trealamh matamaitice, costais fótachóipeála agus polasaí árachais do gach leanbh a chlúdaíonn iad 24 uair sa lá, ar agus lasmuigh den scoil. Iarraimid go cineálta go ndéanfaí an íocaíocht aonuaire seo roimh Mhí Dheireadh Fómhair, ach tuigimid an brú airgeadais ar theaghlaigh ag an am seo den bhliain..agus i gcónaí. Má tá fadhb ann ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh leis an oifig agus is féidir linn tacaíochtaí a chur ar fáil.**
**Gabhaimid buíochas libh go léir as bhur bhflaithiúlacht agus tacaíocht airgeadais leanúnach le 5 bliana anuas.**

*As stated previously, the 'beginning of year' costs on newly developing schools are substantial and massively underfunded by the Government. We do request that every child pays a one off payment to help cover the costs of the myriad of expenses. Abina will send on a link through Aladdin for the school bill of €65 per child, covering arts & crafts supplies, Aistear equipment, maths manipulatives, photocopying costs and an insurance policy for each child which covers them 24hrs a day, on and off school premises. We kindly request that this one-off payment is made before October, however we understand the financial strains on families at this time of year..and constantly. If there is an issue please do not hesitate to contact the office and we can put supports in place. We thank you all for your ongoing generosity and financial support over the past 5 years.*

## Filleadh ar scoil

**Beidh an scoil ag athoscailt do chách ar an gCéadaoin, an 27ú Lúnasa ag 8:30am.**
**Críochnóidh na Crosóg Mhara (N1) gach lá ag 11:50 suas go dtí Dé Céadaoin an 10ú Meán Fómhair agus ó Déardaoin an 11ú beidh lá scoile iomlán acu, ag críochnú ag 13:10.**
**Beidh na Smugairle Róin ag criochnú ag 13:10 ó thús na bliana agus gach rang eile ag criochnú ag 14:10 mar is ghnáth ó thús na bliana.**
**Meabhrúchán tapa go bhfuil carrchlós na scoile do charranna foirne agus do na teaghlaigh sin a bhfuil riachtanais inrochtaineachta acu amháin. Iarraimid go n-úsáidfí carrchlós an ionaid phobail má tá carr in úsáid agaibh.**

*The school will reopen to all on Wednesday, August 27th at 8:30am. The junior infants will finish each day at 11:50 up until Wednesday, September 10th and from Thursday the 11th they will have a full school day, finishing at 13:10.*
*Na Smugairle Róin will finish at 13:10 from the first day back and all other classes finishing at 14:10 from the beginning of the year as usual. A quick reminder that the school car park is for staff cars and those families with accessibility needs only. We ask that you use the community centre car park if you are using a car.*

## Cairde na Scoile

**Tá an-obair déanta ag Coiste Cairde na Scoile i mbliana agus táimid ag súil le tuilleadh tionscainimh agus forbairt scoile sa todhchaí.**
**Ba mhaith le Cairde na Scoile cur i gcuimhne do thuismitheoirí uile ár gComhaontú Gan Fóin Chliste laistigh den scoil. Má tá an t-am tagtha i saol do pháiste ina bhféadfaí an polasaí seo a cheistiú, molaimid daoibh plé oscailte agus macánta a bheith againn leo faoi.**
**https://gaelscoilnamara.ie/wp-content/uploads/2024/11/Polasai-Deonach-Foin-dhigiteach-Voluntary-Opt-In-Smart-Phone-Policy.pdf**
**Mar phobal scoile, táimid tar éis teacht ar chomhaontú faoin bpolasaí seo chun ár leanaí a chosaint, agus táimid uile ar an eolas faoi na cúiseanna tábhachtacha atá taobh thiar de. Creidimid go mbeidh tionchar dearfach ag an gcomhaontú seo ar fhorbairt shóisialta ár leanaí, laistigh de bhallaí na scoile agus níos faide i gcéin. Táimid bródúil as seasamh le chéile mar fhoireann tuismitheoirí, aontaithe ar mhaithe le leas ár bpáistí, fiú má chiallaíonn sé sin go mbeidh easaontas uathu ó am go chéile! Trí sheasamh go daingean, is féidir linn bronntanas a thabhairt dár leanaí a bheith i láthair go hiomlán agus saor ó bhrúnna úsáid fóin chliste ag aois óg.**

*We thank Coiste Cairde na Scoile for all their hard work throughout the year and look forward to new projects and endeavours this coming school year. Cairde na Scoile would like to remind all parents of our No Smartphone Agreement within the school. If the time has come in your child's life where this policy may be questioned, we encourage you to have an open and honest discussion with them about it.https://gaelscoilnamara.ie/wp-content/uploads/2024/11/Polasai-Deonach-Foin-dhigiteach-Voluntary-Opt-In-Smart-Phone-Policy.pdf*

*As a school community, we have agreed on this policy to protect our children, and we are all aware of the important reasons behind it. We believe this agreement will have a positive impact on our children's social development, both within the school walls and beyond. We are proud to stand together as a team of parents, united for the greater good of our children, even if that means facing some disagreement from them along the way! By holding firm, we can give our children the gift of being fully present and free from the pressures of smartphone use at a young age.*

**Tá obair na gcapall déanta ag Cairde na Scoile ar an bhfeactas Siúl/Rothaíocht ar scoil agus taimid ag súil go leanfaidh muintir Ghaelscoil na Mara ag tacú le seo. Táimid théis eolas a fháil ón gComhlaire Contae go mbeidh córas aontreo i bhfeidhim i gceantar na scoile mar chuid do Sheachtain Soghluaisteachta na hEorpa. Beidh an córas seo in úsáid ón ón Máirt an 16 Meán Fómhair 2025 go dtí an Luan an 22 Meán Fómhair 2025 (agus an dá lá sin san áireamh). Tá tuilleadh eolais faoi iamh, maidir le treoir srl. Is rud dearfach é seo chun méid na trachta ar bhóithrí na scoile a laghdú. Is fiú dúinn ar fad ag smaoineamh faoi conas gur féidir linn ar fad tacú leis an bhfeachtas seo agus méid na gcarranna ar ár mbóithrí scoile a laghdú sa todhchaí comh maith.**

*Cairde na Scoile have worked so hard to encourage all our students to become more aware and confident when choosing to walk or cycle to school. We hope the school community will continue with this success and continue with these projects in the coming year. We are pleased to inform you that a one-way system will be in operation in the school area as part of European Mobility Week. This system will be in operation from Tuesday 16th September 2025 to Monday 22nd September 2025 (both days inclusive) under the guidance of Fingal County Council. Further information is attached, regarding directions etc. This is a positive step in reducing the amount of traffic on the school roads. It is worth us all thinking about how we can all support this campaign and how we can continue to reduce the traffic on our school roads in the future.*

## Rúnaithe ar Stailc

**Mar a chuala sibh sna nuachtáin le déanaí, d'fhógair Feidhmeannach Roinn Oideachais Fórsa go dtosóidh stailc gan teorainn ag rúnaithe agus cúramóirí scoile Dé Céadaoin, an 28 Lúnasa 2025, an chéad lá den bhliain scoile nua.**

**Beidh ár rúnaí scoile féin, Abina, ag glacadh páirte sa ghníomhaíocht thionsclaíoch seo, agus ba mhaith linn a shoiléiriú go dtacaímid go hiomlán lena cinneadh. I scoil atá ag forbairt mar ár scoil féin, tá ról Abina ríthábhachtach. Ní hamháin go gcomhlíonann sí a dualgais féin le dúthracht eisceachtúil, ach i scoil ina bhfuil an príomhoide ag múineadh freisin, glacann sí go leor freagrachtaí breise nach féidir a dhéanamh agus an príomhoide sa rang. Gan í, bíonn oibríochtaí laethúla riachtanacha thar a bheith dúshlánach go tapa. Go simplí, is roth ríthábhachtach í Abina i roth ár scoile agus gan í, bheadh cur isteach suntasach ann.**

**Tá treoir eisithe ag ceardchumainn na múinteoirí ag rá, cé go mbeidh múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanais Breise ag dul thar an líne picéad chun filleadh ar scoil a chinntiú do na páistí, nach nglacfaidh aon mhúinteoir ná Cúntóir Speisialta Breise dualgais rúnaí na scoile le linn na stailce. Ciallaíonn sé seo:**
**• Ní bheidh aon duine san oifig chun na fóin a fhreagairt**
**• Ní chuirfear aon teachtaireachtaí Aladdin chuig múinteoirí ranga le linn am teagaisc**

**Iarraimid ar gach tuismitheoir/caomhnóir é seo a choinneáil i gcuimhne le linn na chéad laethanta gnóthacha sin ar ais. Déanfaidh bhur bhfoighne agus bhur dtuiscint difríocht mhór agus muid ag déileáil leis na hathruithe sealadacha seo.**
**Seasann muid le Abina sa ghníomh seo agus tá súil againn go ndéanfaidh pobal ár scoile an rud céanna.**

*As you may have heard in recent news, Fórsa's Education Divisional Executive has announced that an indefinite strike by school secretaries and caretakers will commence on Wednesday, 28th August 2025, the first day of the new school year.*

*Our own school secretary, Abina, will be taking part in this industrial action, and we want to make it clear that we fully support her decision. In a developing school such as ours, Abina's role is absolutely vital. She not only carries out her own duties with exceptional dedication, but in a school where the principal is also teaching, she takes on many additional responsibilities that simply cannot be done while the principal is in class. Without her, essential day-to-day operations quickly become extremely challenging. Quite simply, Abina is a vital cog in the wheel of our school and without her, there would be significant disruption.*

*The teaching unions have issued a directive stating that, while teachers and SNAs will pass the picket line in order to ensure a smooth return to school for the children, no teacher or SNA will take on the duties of the school secretary during strike action. This means:*

- *No one will be in the office to answer the phones*
- *No Aladdin messages will be relayed to class teachers during teaching time*

*We ask that all parents/guardians keep this in mind during those first busy days back. Your patience and understanding will make a big difference as we adjust to these temporary changes.*

*We stand with Abina in this action and we hope our school community will do the same.*

**Guímid gach rath ar chách dos na laethanta atá fágtha sa bhriseadh samhraidh! Tá súil againn gur bhain sibh go léir taitneamh as sos go dtí seo agus go bhfuil sibh réidh le dul i ngleic leis an mbliain scoile nua. Táimid ar bís fáilte a chur romhaibh ar ais ar an 27ú Lúnasa - bígí réidh do bhliain scoile iontach!**

*Wishing everyone a fantastic last few weeks of summer! We hope you've all had a refreshing break and are ready to dive into the new school year. We're excited to welcome you back on August 27th, get ready for a great year ahead!*

**Le dea-ghuí agus buíochas,**

**Orflaith.**